C/2024/495

23.1.2024

P9_TA(2023)0223

Leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte maidir le tograí le haghaidh gníomhartha atá ceangailteach ó thaobh dlí a tharchur chuig coistí agus maidir leis an nós imeachta chun coinbhleachtaí inniúlachta a réiteach

Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Meitheamh 2023 ar leasuithe ar Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte maidir le tograí le haghaidh gníomhartha atá ceangailteach ó thaobh dlí a tharchur chuig coistí agus maidir leis an nós imeachta chun coinbhleachtaí inniúlachta a réiteach (2023/2055(REG))

(C/2024/495)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don litir óna hUachtarán an 12 Deireadh Fómhair 2022,

— ag féachaint do Rialacha 236 agus 237 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla (A9-0198/2023),

1. á chinneadh a cuid Rialacha Nós Imeachta a leasú de réir mar a léirítear anseo thíos;

2. á thabhairt le fios go dtiocfaidh na leasuithe i bhfeidhm an chéad lá den chéad pháirtseisiún eile;

3. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún mar eolas.

Leasú 1

Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa

Riail 48 – mír 1

An téacs atá ann	*Leasú*
1. Déanfaidh an tUachtarán tograí le haghaidh gníomhartha atá ceangailteach ó thaobh dlí a gheofar ó institiúidí eile nó ó na Ballstáit a tharchur chuig an gcoiste freagrach lena mbreithniú.	1. Déanfaidh an tUachtarán tograí le haghaidh gníomhartha atá ceangailteach ó thaobh dlí a gheofar ó institiúidí eile nó ó na Ballstáit a tharchur chuig an gcoiste freagrach lena mbreithniú. ***Cuirfear na coistí eile ar an eolas faoin tarchur ag an am céanna.***

Leasú 2

Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa

Riail 48 – mír 2 a (nua)

An téacs atá ann	*Leasú*
	2a. Fógróidh an tUachtarán an tarchur sa Pharlaimint tar éis an togra a fháil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais Eorpaigh agus, ach amháin i gcásanna iarrataí ar chur i bhfeidhm an nós imeachta práinne de bhun Riail 163, i gcás inarb ábhartha, tar éis aon choinbhleacht inniúlachta idir coistí a bheith socraithe i gcomhréir le Riail 211(2). A luaithe a fhógrófar sa Pharlaimint é, poibleofar an tarchur ar shuíomh gréasáin na Parlaiminte.

Leasú 3

Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa

Riail 211 – mír 1

An téacs atá ann	*Leasú*
1. Más rud é go ndearbhaíonn buanchoiste ina leith féin nach bhfuil sé inniúil ar mhír áirithe a bhreithniú, nó más rud é go dtagann coinbhleacht chun cinn maidir le hinniúlacht dhá bhuanchoiste nó níos mó, tíolacfar ceist na hinniúlachta chuig Comhdháil Chathaoirligh na gCoistí laistigh de ***cheithre*** seachtaine ***ón tráth a dhéantar*** an tarchur chuig coiste ***a fhógairt sa Pharlaimint***.	1. Más rud é go ndearbhaíonn buanchoiste ina leith féin nach bhfuil sé inniúil ar mhír áirithe a bhreithniú, nó más rud é go dtagann coinbhleacht chun cinn maidir le hinniúlacht dhá bhuanchoiste nó níos mó, tíolacfar ceist na hinniúlachta chuig Comhdháil Chathaoirligh na gCoistí laistigh de ***dhá*** sheachtain ón tráth a dhéantar an tarchur chuig coiste ***dá bhforáiltear i Riail 48(1)***. ***Ní dhéanfar seachtainí nach mbeidh gníomhaíochtaí parlaiminteacha ar siúl lena linn agus seachtainí a chuirfear i leataobh le haghaidh gníomhaíochtaí parlaiminteacha seachtracha a chur san áireamh chun críocha an spriocdháta sin***.

Leasú 4

Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa

Riail 211 – mír 2

An téacs atá ann	*Leasú*
2. Déanfaidh Comhdháil na nUachtarán cinneadh ***laistigh de shé seachtaine tar éis thíolacadh na ceiste*** ar bhonn molta ó Chomhdháil Chathaoirligh na gCoistí nó, mura dtagann moladh den sórt sin ***ón gComhdháil sin, ar bhonn molta ó chathaoirleach na Comhdhála sin***. Más rud é nach ndéanann Comhdháil na nUachtarán cinneadh laistigh den tréimhse sin, measfar go bhfuil an moladh formheasta.	2. ***Ag an dara cruinniú a bheidh aici, ar a dhéanaí, nuair a bheidh an sprioc-am a leagtar síos i mír 1 thart, déanfaidh Comhdháil Chathaoirligh na gCoistí nó a Cathaoirleach moladh a éisiúint***. Déanfaidh Comhdháil na nUachtarán cinneadh ar bhonn an mholta ***sin laistigh de shé seachtaine tar éis a tharchuir***. Más rud é nach ndéanann Comhdháil na nUachtarán cinneadh laistigh den tréimhse sin, measfar go bhfuil an moladh formheasta.